NETWORKS

# ÍOC MAR A ÚSÁIDTEAR MÉADAR

## Conas Méadar Íoc Mar a Úsáidtear a úsáid suiteáilte ag ESB Networks



# Tá ESB Networks tiomanta do thacaíocht a thabhairt do gach custaiméir

Ag obair go dlúth leis an Rialálaí Fuinnimh agus Soláthraithe Leictreachais, d’fhorbraíomar clár chun méadair Íoc Mar a Úsáidtear a shuiteáil do chustaiméirí a shásaíonn coinníollacha áirithe. Tógfaidh an méadar seo ionad do mhéadair reatha agus déanfaidh ESB Networks é a shuiteáil ar iarratas ó do Sholáthraí Leictreachais.

Tá dhá chuid sa Mhéadar Íoc Mar a Úsáidtear - an príomh-mhéadar agus eochaircheap custaiméara. Bíonn an t-eochaircheap custaiméara suiteáilte in aice le do mhéadar de ghnáth. Nuair a iarrann do Sholáthraí Leictreachais ar ESB Networks méadar Íoc Mar a Úsáidtear a shuiteáil, gheobhaidh tú pacáiste eolais lena n-áirítear do KPN (uimhir eochairchip). Déanfar do mhéadar nua a shuiteáil le roinnt bheag creidmheasa cheana féin chun tú a chur ar do chosa.



# Méadair Íoc Mar a Úsáidtear - cad is gáduit a thuiscint

- Is féidir Breisiú le haghaidh Méadair Íoc Mar a Úsáidtear a cheannach ag aon ionad PayPoint nó Payzone ar fud na tíre. Tá liosta iomlán de na hionaid ar fáil ó do sholáthraí leictreachais.
- Beidh do Chárta Íoc Mar a Úsáidtear nó d'uimhir eochairchip uait chun Breisiú a cheannach.
- Is é an Breisiú íosta ná €10
  Is é an Breisiú uasta ná €100.
- Glacfar le híocaíochtaí i riaráistí, nuair is infheidhme, ag an bpointe ceannaigh. Eiseofar an méid a bhíonn fágtha mar Bhreisiú agus is féidir é a chur isteach i do mhéadar.
- Beidh 20 digit ar a laghad sna cóid Bhreisithe i gcónaí.
- D'fhéadfadh do Sholáthraí Leictreachais freisin an rogha a thairiscint Breisiú a cheannach ar an teileafón nó ar líne. Gheobhaidh tú sonraí teagmhála do Sholáthraí Leictreachais anseo www.cru.ie/home/customer-care/energy/communication/
- Mura bhfuair tú do Chárta Íoc Mar a Úsáidtear, téigh i dteagmháil le do Sholáthraí Leictreachais.
- Má tá do chód Breisithe caillte agat, téigh i dteagmháil le do Sholáthraí Leictreachais agus iarr air an cód a atheisiúint duit.

# Conas breisiú a chur i do Mhéadar Íoc Mar a Úsáidtear

- Is féidir leat do chreidmheas a bhreisiú ag baint úsáide as an eochaircheap custaiméara nó trí úsáid a bhaint as an eochaircheap ar an méadar féin.
- Brúigh an eochair * ar an eochaircheap.Déanfar an teachtaireacht "**KEYCODE**" a thaispeáint.
- Cuir isteach an cód Breisithe iomlán, agus brúigh an cnaipe **#** ina dhiaidh.
- Má chuireann tú aon uimhir isteach go mícheart, is féidir leat í a scriosadh tríd an gcnaipe * a bhrú.
- Nuair a cuirtear cód bailí isteach ar an méadar, beidh "**GLACTHA**" le feiceáil ar an scáileán.

**Déan teagmháil le do Sholáthraí Leictreachais do gach ceist. Le haghaidh sonraí teagmhála soláthraithe, féach a www.cru.ie/home/customer-care/energy/communication/**

## Cad a chiallaíonn na teachtaireachtaí ar mo mhéadar?

**"Glactha"** - Ghlac do mhéadar leis an gcód Breisithe.

**"Diúltaithe"** - Ciallaíonn sé sin go ndearna tú cód mícheart a chur isteach.

**"Earráid"** - D'fhág tú uimhir amach nó chuir tú an cód Breisithe isteach ró-mhall. Tosaigh arís.

**"Taraif Mhícheart"** - Tá do phraghasphlean athraithe agus tá an méadar ag fanacht go gcuirtear cód 40 nó 60 digit isteach. Déan teagmháil le do Sholáthraí Leictreachais mura bhfuil an cód seo agat. Fan go n-imíonn an teachtaireacht seo, brúigh an cnaipe * agus ansin cuir isteach an cód speisialta um athrú taraife.

**"Dúblach"** - Cuireadh an cód Breisithe isteach cheana. Ní cheadóidh an méadar an cód céanna a chur isteach níos mó ná uair amháin. Má bhrúnn tú 4 beidh tú ábalta na 5 chód dheireanacha a cuireadh isteach a fheiceáil.

**"Creidmheas Ard"** - Tá an t-uasmhéid creidmheasa faighte ag an méadar agus ní féidir leis glacadh le cód Breisithe eile.

**"Mícheart"** - Níorbh é an cód Breisithe a cuireadh isteach an cód ceart, nó níl an méadar sa Mhód Íoc Mar a Úsáidtear.

**"Easpa Cumarsáide"** - Má bhíonn Easpa Cumarsáide le feiceáil ar an eochaircheap custaiméara beag, ciallaíonn sé go bhfuil an chumarsáid briste idir an t-eochaircheap custaiméara agus an méadar. Bain triail as é a phlugáil isteach i soicéad eile.

**"Glas KB"** - Ciallaíonn sé sin go bhfuil an cód curtha isteach go mícheart cúig huaire. Fan go dtí go n-imíonn an teachtaireacht sin agus cuir isteach an cód ceart.

**"Ró-luchtú"** - Má thaispeántar é seo,cuir glaoch ar ESB Networks ar 1800 372 999 chun glaoch amach a logáil.

## Lena fháil amach céard is brí leis na huimhreacha ar an taispeántas digiteach, seiceáil ar dtús cén cineál méadar ÍMAÚ atá agat – is ann do dhá chineál ar leith – Féach na híomhánna thíos:



1 Creidmheas fágtha, arna ríomh i laethanta
2 Costas tomhaltais le déanaí
3 Dáta agus am reatha an mhéadair
4 Sonraí na 5 cód dheireanacha um breisiú creidmheasa
5 Luach iomlán an bhreisithe creidmheasa a íocadh
6 Tomhaltas leictreachais reatha
7 Ráta buanmhuirir in aghaidh an lae agus ráta in aghaidh an aonaid
8 Sonraí faoin úsáid is airde le 24 uair an chloig anuas
9 Líon iomlán na n-aonad a úsáideadh
0 Tástáil an taispeántais



1 Creidmheas fágtha, arna ríomh i laethanta
2 Costas tomhaltais le déanaí
3 An ráta aonaid agus an praghas
4 Sonraí na 5 cód dheireanacha um breisiú creidmheasa
5 Luach iomlán an bhreisithe creidmheasa a íocadh
6 Tomhaltas leictreachais reatha
7 An ráta buanmhuirir in aghaidh an lae
8 Sonraí faoin úsáid is airde le 24 uair an chloig anuas
9 Líon iomlán na n-aonad a úsáideadh
0 Tástáil an taispeántais

## Conas a bheidh a fhios agam cá huair ba chóir dom breis a fháil?

- Nuair a laghdaíonn do chreidmheas go dtí €2 cloisfidh tú aláram ísealfhuaime a leanfaidh ar feadh 2 nóiméad. Chun an t-aláram a chur ina thost brúigh cnaipe ar bith ar an eochaircheap. Nuair a laghdaíonn do creidmheas go dtí €0 fuaimneoidh an t-aláram ísealfhuaime arís ar feadh 2 nóiméad ula ndícheanglóidh sé do sholáthar (ach ní i rith amanna "Creidmheas Cairdiúil"). Má tharlaíonn sé seo brúigh an cnaipe o agus tiocfaidh do sholáthar air arís. Gheobhaidh tú €10 de Chreidmheas Éigeandála go huathoibríoch. Déanfar Creidmheas Éigeandála ar bith a úsáidtear a íoc ar ais as do chéad Bhreisiú eile.

## Cad a tharlóidh do mo sholáthar má bhím as baile ar fea dh tréimhse fada ama?

- Má bhíonn tú as baile ar feadh tréimhse ama ar bith, déanfar muirirsheasta agus muirir eile a asbhaintó do chreidmheas méadair i gcónaí.Cinntigh le do thoil go bhfuil go leorcreidmheasa ar do mhéadar chun ansoláthar a choimeád air go bhfillfidh tú.

## Cad a tharlóidh má bhíonn mo chreidmheas éigean dála caite?

Ceapadh Creidmheas Éigeandála chun deis a thabhairt duit Breisiú a cheannach. Déanfaidh an méadar an chumhacht a dhícheangal go huathoibríoch nuair a bhíonn an creidmheas sin caite. Tabhair faoi deara nach ndícheanglóidh do mhéadar le linn na n-amanna "Creidmheas Cairdiúil" seo a leanas

**Luan – Déardaoin**:

Idir 4pm – 9am an mhaidin dár gcionn (5pm - 10am am samhraidh)

**Aoine – Luan**:

Ó 4pm ar an Aoine go dtí 9am ar an Luan (5pm - 10am am samhraidh

**Laethanta Saoire**:

Oíche Nollag, Lá Nollag, Lá Fhéile Stiofáin, Oíche Chinn Bliana, Lá Caille agus Lá Fhéile Pádraig.

I gcás éigeandálaí cuir glaoch ar **1800 372 999**

I gcás fiosrúchán ginearálta cuir glaoch ar **1800 372 75**7

---

Tuilleadh eolais ar **esbnetworks.ie**

Le sonraí a fháil maidir le gearrthacha cumhachta, téigh chuig **powercheck.ie**

**@ESBNetworks**